

Athrú Aeráide **Ceartas Aeráide** **3**



Is féidir linn an éagóir aeráide a réiteach lena chéile

Bí Linn



**JOIN
THE
FIGHT
FOR
JUSTICE**

Acmhainn Oideachais do
Bhunscoileanna

Conas an Acmhainn Seo a Úsáid

Deilbhíní Leis an Acmhainn Seo

Leanann an acmhainn seo leis an obair sna hacmhainní oideachais ó Charghas 2014 agus ó Charghas 2015 *Athrú Aeráide, Ceartas Aeráide*. Is tábhachtach an rud é go mbeadh tuiscint ag na mic léinn maidir le ceartas aeráide agus athrú aeráide. Is féidir acmhainní a íoslódáil ag: trocaire.org/education/lent2017.

Go dtí seo, tá athrú aeráide agus ceartas aeráide scagtha againn ar an aistear, agus tionchar an athraithe aeráide ar phobail an domhain chomh maith. Tugann na gníomhaíochtaí anseo tú ar aistear chuig Hondúras. Iarrtar oraibh a bheith gníomhach, agus páirt a ghlacadh linn sa troid ar son an cheartais aeráide.

Molann an acmhainn seo gníomhaíochtaí atá oiriúnach don Bhunscoil Sóisir/ Céim Eochrach 1 agus don Bhunscoil Sinsir/ Céim Eochrach 2. I gcás na ranganna naíonán, tá acmhainní do na blianta tosaigh ar fáil ag an suíomh idirlín. Moltar duit comhtháthú a dhéanamh maidir leis an téama seo, i measc na n-ábhar ar fad. Tugtar nótaí go forleathan don oide, agus tá naisc leis an gcuraclam le sonrú thíos.



Baineann an deilbhín seo leis an duaisiarracht 'Domhan Níos Fearr', duais a aithníonn an obair atá á dhéanamh ag na daltaí agus iad ag déileáil leis na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na hacmhainní seo.



Tugann an deilbhín seo tú chuig trocaire.org/education/lent2017, áit ina mbíonn acmhainní oideachais don rang.



Sonraí faoi athrú aeráide.

Bíonn an t-oideachas forbartha mar phróiseas cruthaitheach a chuireann le tuiscint na ndaltaí.

Leathanach 3 agus 4

Stair

Cruthaigh amlíne

Tír Eolas

Hondúras:
Comhad fíricí


Ceol

Foghlaim Amhráin Náisiúnta:
Éire agus Hondúras

Bí Gníomhach Leathanach 7

OSPS

A bheith gníomhach
mar shaoránach sa
phobal áitiúil



Úsáid Grianghraf Leathanach 4

Béarla

Teanga Labhartha agus plé, Litir
a scríobh, scríobh áititheach

Mata

Fad agus am ardaíthe leibhéal na
farráige a thomhas

Ealaín

Tarraing forleathnú ar
ghrianghraf, dathaigh, nó tóg
colláis

An Todhchaí Inbhuanaithe Leathanach 6

Eolaíocht

Fuinneamh in-
athnuaite nó neamh-
inathnuaite

Tíreolaíocht

Aire a thabhairt
don timpeallacht le
fuinneamh in-athnuaite

Obair Thrócaire i Hondúras Leathanach 5

SPHE

Conas fanacht
slán má bhíonn
géarchéim ann

Oideachas Reiligiúnach

Scéalta: Trócaire ag obair
ar son na mbochtán

Féach chomh maith acmhainn Spás Beannaithe na bpáistí istigh leis seo, tá breis gníomhaíochtaí don Oideachas Reiligiúnach ann

Comhad Fíricí: Poblacht Hondúras



Coimre staire

Ba iad na treibheanna Máigheacha a bhíodh ina gcónaí i Hondúras sa chéad mhíle bliain. Sa bhliain 1502 tháinig Críostóir Colambas i dtír agus rinneadh coilíneacht Spáinneach den tír. Sa bhliain 1821 d'fhógair Hondúras agus ceithre náisiún Lár-Mheiriceánach eile saoirse ón Spáinn. D'éirigh Hondúras neamhspleách ó na náisiúin Lár-Mheiriceánacha eile sa bhliain 1838. Tar éis dóibh a bheith faoi riail mhíleata ar feadh breis agus deich mbliana, bunaíodh rialtas sa bhliain 1982. Is é Juan Orlando Hernández an t-uachtarán ó 2014 go dtí seo.

Príomhchathair

Tegucigalpa

Daonra

8.2m.¹

Airgeadra

Lempira Hondúrach

Teanga

Is í an Spáinnis an teanga oifigiúil. Labhraítear Béarla ar na hoileáin sa Bhá, agus labhraíonn an cine Máigheach a gcuid teangacha féin.

Aeráid

Tá aeráid thrópaiceach anseo, agus is fionnuar measartha an aimsir sna sléibhte.

Bia

Is iad na pónairí agus na tortillas an bia coiteann i Hondúras. Itear plantán friochta agus cáis bhán go forleathan chomh maith.

Ceol

Bíonn an ceol agus an rince 'Punta' go mór le sonrú nuair a bhíonn ceiliúradh nó fleá ar siúl.

Easpórtáil

Is iad na hearraí is mó a easpórtáiltear ó Hondúras ná geansaithe cniotáilte de gach sórt, agus léinte allais. Is é an dara heaspórtáil is mó ná an caife. Is iad na tíortha is mó easpórtála ná na Stáit Aontaithe, An tSalvadóir, Guatamala, Meicsiceo agus an Ghearmáin.

Bratach

Is comharthaí ar an Aigéan Ciúin agus ar an Mhuir Chairib iad na stríoca. Is comharthaí ar náisiúin aontaithe Mheiriceá Láir iad na cúig réalta, agus Hondúras sa lár.



Suaithantas Náisiúnta/ Armas

Is comhartha ar neamhspleáchas na tíre agus ar an ionannas é an bolcán idir dhá thúr.



An tÉan Náisiúnta

Macá scarlóideach



¹ UN, 2015



Logáil isteach ag trocaire.org/education agus féach an acmhainn 'Ár nDomhan, Ár Stair' agus bí ag foghlaim faoin tsibhialtacht Mháigheach.



Cuir isteach comhaid fíricí na ndaltaí ar dhuais Thrócaire don Domhan Níos Fearr.



Sa bhliain 1998 maraíodh thart faoi 10,000 duine i Hondúras de bharr na spéirlinge 'Mitch'

'Mothaigh an Teas', Trócaire, 2014

Gníomhaíochtaí

- Cruthaigh amlíne agus breac isteach eochairdhátaí stair Hondúras. Breac isteach eochairdhátaí stair na hÉireann chomh maith.
- Déan an léiriú PowerPoint a bhaineann le Bunscoil Sóisir/Céim Eochrach 1 nó le Bunscoil Sinsir/Céim Eochrach 2 a íoslódáil ón suíomh: trocaire.org/education/lent2017/primary. Cuir plé ranga ar siúl ag baint úsáide as na moltaí a luaitear i measc na nótaí d'oidí. Tar éis daoibh an físeán leis na mic léinn ag canadh amhrán náisiúnta Hondúras a fheiceáil, déan na liricí sa churfá a phlé. Déan amhrán náisiúnta na hÉireann a chanadh agus a phlé.
- Déan fótachóip den chomhad fíricí ar leathanach 3. Déan grúpaí éagsúla i measc na mac léinn agus abair leo comhad fíricí faoi Éirinn a chruthú. Déan léiriú PowerPoint nó póstaer bunaithe ar an toradh.
- Cruthaigh armas don rang nó don scoil.

Úsáid Grianghraf



Cónaíonn Carla ar ghuaire i gceantar Omoa, in aice le teorainn Ghuatamala. Tá leibhéal na farraige ag ardú de bharr athrú aeráide, agus tá an cladach á chreimeadh mar gheall air. Tá an baol ann i gcónaí go gcaillfidh an pobal a gcuid tithe. Tá iarsma an tsalainn sa chré, agus ní féidir rís ná glasraí a fhás. Athshuíodh nócha teaghlach, ach tá ochtó teaghlach ar an trá fholamh go fóill. Leanann séasúr spéirlinge ó mhí na Bealtaine go Samhain. Is minic go líonann an tuile teach Charla agus go ndéantar damáiste dó ag an am sin bliana. Is minic go n-aslonnaítear an teaghlach ar feadh na laethanta ó am go chéile.

Gníomhaíochtaí

- Is áis iontach é an grianghraf le plé a spreagadh sa rang. Má bhaintear úsáid as na grianghraif a ghabhann leis an áis oideachais seo foghlaimoidh na daltaí maidir leis an tionchar a bhíonn ag ardú leibhéal na farraige de bharr athrú aeráide, ar shaol Charla agus ar a leithéid i Hondúras.
- Spreag na daltaí le hiniúchadh criticiúil a dhéanamh ar an gceist athrú aeráide. Bíodh an plé dírithe ar an gceartas.
 - » *Cén fáth go bhfuil leibhéal na farraige ag ardú?*
 - » *Cé atá freagrach as a leithéid?*
 - » *Cé atá ag fulaingt dá bharr?*
 - » *An staid chothrom í seo?*
 - » *Cé a chuirfeadh claochlú ar an staid seo?*

Plé

Leag amach na grianghraif ar an talamh sula bpléitear leo. Iarr ar na daltaí dul thart agus seasamh in aice le grianghraf más maith leo breis eolais a fháil faoi. Bíodh plé ann faoi na fáthanna taobh thiar de na roghanna. Mol dóibh obair i ngrúpaí beaga agus iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar na grianghraif. Bain úsáid as na noda atá ar chúl na ngrianghraf.

Gníomhaíochtaí

Scríobh litir, déan fad a thomhas, cruthaigh pictiúr, dear bileog. Tá cur síos cuimsitheach ar na gníomhaíochtaí le sonrú ar chúl na ngrianghraf leis an acmhainn seo.

Obair Thrócaire i Hondúras

Thosaigh Trócaire ag obair i Hondúras sna seachtóidí luatha. Is é ceann de na tíortha is boichte sa Mheiriceá Laidineach é. Tá breis agus milliún teaghlach ag maireachtáil faoi thairseach na bochtaineachta (\$2 sa lá). Comhoibríonn Trócaire leis na heagrais áitiúla ag tacú le slite beatha an phobail, agus gealltar cearta daonna agus cothromas inscne do chách.

Maolú ar Bhaol na Tubaiste

Is é Hondúras ceann de na tíortha is somhillte atá ann, maidir le hathrú aeráide. Reáchtálann Trócaire, i gcomhar lena chomhpháirtithe, cláir maidir le maolú a dhéanamh ar bhaol na tubaiste, agus freagairt ar an éigeandáil. Tugann na cláir seo tacaíocht don phobal maidir leis an mbaol ó tubaistí a laghdú agus freagairt go héifeachtúil ar an éigeandáil. Cuireann Trócaire, bia éigeandála, uisce, leigheas agus fothain ar fáil nuair a tharlaíonn an tubaiste.

CASM

Ceann de na heagrais áitiúla a bhíonn ag comhoibriú le Trócaire ná an CASM (Comision de Accion Social Menonita). Cuirtear oiliúint ar an bpobal maidir le freagairt ar thuile nó ar spéirling. Baineann CASM úsáid as beochaintí agus iad ag obair le páistí ar nós Charla sa phobal. Deir an seangán Copequito leo conas déileáil leis an ngéarchéim.



Gníomhaíochtaí

- Bí ag caint faoi phlean éigeandála atá agaibh ar scoil (m.sh. druil dóiteáin)
- Cén fáth a bhfuil an plan seo againn? Cad é an tábhacht a bhaineann leis an bplan a leanúint? Cad a tharlódh mura leanfaí an plan?
- Bíodh tuiscint agaibh maidir leis an tábhacht a bhaineann le plan a bheith ag pobal Charla do na tuilte. Cuir Copequito An Seangán i láthair. Meabhraíonn sé do mhuintir Charla an tábhacht a bhaineann le bheith ullamh don tubaiste. Beochan ag: trocaire.org/education/lent2017/primary
- Samhlaigh go mbeadh an scoil i mbaol ó thuile uafásach. Scríobh plan éigeandála.
 - » *Cá rachadh sibh, cén bealach a ghlacfaid sibh?*
 - » *Cad a bheadh sa mhála éigeandála agaibh?*
 - » *Cad iad na rudaí le seachaint?*
- Obair bhreise – déan druil dóiteáin a reáchtáil.



Logáil isteach ag an suíomh agus féach ar an mbeochan seangáin DRR



Cuir isteach bhur bpleananna éigeandála ar dhuais Thrócaire 'Domhan Níos Fearr'.



Ba é Honduras an tír ar domhan is mó a bhí thíos leis de bharr na hadhaimsíre a tharla idir 1993 – 2012.

Innéacs Domhanda Baol Aeráide

An Todhchaí Inmharthana



Logáil isteach ag suíomh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann le bealaí a fháil inar féidir leis an scoil úsáid fhuinnimh a fheabhsú: seai.ie



Glac grianghraif de na daltaí i mbun oibre i ngrúpaí agus seol ar aghaidh chuig comórtas Trócaire don Domhan Níos Fearr iad.



‘Caithfidh Éire a bheith chun tosaigh maidir le tuiscint a léiriú ar thábhacht an fhuinnimh in-athnuaite’ Máire Mhic Róibín, 2016.

I mí an Mheithimh 2015, d’fhoilsigh an Pápa Proinsias imlitir dar teideal *Laudato Si’: Cúram a Dhéanamh den Domhan Coiteann*. Is ann a phléitear an dochar a dhéanann an cine daonna ar domhan. Iarrann an Pápa Proinsias ar an uile dhuine ar an bpláinéad athruithe práinneacha a dhéanamh ar an stíl maireachtála agus ar úsáid fhuinnimh ionas go ndéanfar an timpeallacht a chaomhnú agus a chosaint.


I mí Mheán Fómhair 2015 ghlac na ceannairí domhanda le tairiscint na Náisiún Aontaithe ‘Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inmharthana’ (SDFI). Tógtar ar na bealaí inar éirigh go maith le Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFM). Is iad na spriocanna atá leis na straitéisí seo ná deireadh a chur leis an bhfíorbhochtaineacht, troid in aghaidh easpa ionannais agus easpa ceartais, agus fadhb athrú aeráide a leigheas. Dírionn sprioc uimhir a seacht ar fhuinneamh glan inacmhainne a sholáthar, agus sprioc a trí déag ar ghníomhú ar son na hAeráide.

I mí na Nollag 2015 chruinnigh na ceannairí domhanda lena chéile i bPáras agus phléigh siad an gá a bhain le freagairt dhomhanda a thabhairt ar an athrú aeráide. Thug na rialtais le fios go ndéanfaidís comhoibriú lena chéile ionas go gcoimeádfaí an téamh domhanda sa todhchaí go maith faoi bhun ardaithe 2°C ón ré réamh-thionsclaíoch, agus díriú ar ardú níos sábháilte de 1.5°C.

Tagann breis agus 60% de na hastaíochtaí carbóin ón nginiúint fuinnimh bunaithe ar bhreosla iontaise, ar a bhfuilimid ag brath go mór. Ionas go mbeidh deis mhaith againn a leithéid a dhéanamh agus fanacht faoi ardú 2°C, caithfear thart faoi 80% den chúltaisce bhreosla iontaise a fhágáil faoi thalamh.² Dar leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (GIF) caithfear réabhlóid fhuinneamh glan a chur ar bun go práinneach.

Gníomhaíocht

- Taispeáin agus pléigh an bheochan: ‘Míniú ar Athrú Aeráide’ atá ag: trocaire.org/education/lent2017
- Scríobh na focail ‘fuinneamh in-athnuaite’ agus ‘fuinneamh neamh-inathnuaite’ ar an gclár. Abair leis na daltaí a bheith ag caint leis an duine taobh leo faoi bhrí na bhfocal úd. Déan plé agus cláraigh moltaí éagsúla.



Bunscoil Sóisir/ Céim Eochrach 1

Déan na pictiúir agus na ráitis faoin fhuinneamh in-athnuaite a íoslódáil ag: trocaire.org/education/lent2017

Iarr ar na daltaí na pictiúir a phlé i ngrúpaí. Déan na pictiúir agus an téacs a mheaitseáil. Cén fáth go n-oirfeadh na foinsí fuinnimh seo níos fearr dúinn ar domhan?

Bunscoil Sinsir/ Céim Eochrach 2

Déan na pictiúir agus na ráitis faoin fhuinneamh in-athnuaite a íoslódáil ag: trocaire.org/education/lent2017


Iarr ar ghrúpaí daltaí pictiúir a tharraingt bunaithe ar an gcur síos thuas. Scaip na pictiúir ina measc agus cuir i gcomparáid lena chéile iad. Tabhair trí phíosaí de pháipéar bán in aghaidh an ghrúpa dóibh agus iarr orthu trí fhoinsí fuinnimh neamh-inathnuaite a bhreacadh síos nó a tharraingt.

² Tionscnamh Rianaire Charbóin 2011

Bí Gníomhach



Anois, ós rud é go bhfuil eolas ag na daltaí maidir le fáthanna agus tionchar athrú aeráide, agus ar na réitigh a moltar, déan iad a spreagadh le bheith GNÍOMHACH maidir le ceartas aeráide.



Cuir Ceisteanna

- Cén gníomh atá le déanamh?
- Cé a bheidh páirteach? (scoil, tuismitheoirí, lucht gnó áitiúil, polaiteoirí)
- Conas mar a dhéanfaimid é?

Cruthaigh Athrú

- Cuir an gníomh i bhfeidhm
- Abair le cách (suíomh idirlín na scoile, na meáin áitiúla, Twitter, Trócaire)

Am Mhachnaimh

- Ar chabhraigh an gníomh leis an troid in aghaidh athrú aeráide?
- Cad a d'fhoghlaimíomar?
- Ar tháinig athrú meoin orainn?

Gníomhartha

- Tabhair cuireadh chun na scoile chuig polaiteoir áitiúil agus lorg cosáin agus rianta rothar feabhsaithe in aice na scoile uaidh nó uaithi.
- Bí ag obair leis an gcomhairle áitiúil agus déan breis crann a chur sa cheantar.
- Lorg foinsí fuinnimh in-athnuaite sa cheantar áitiúil. Lorg breis eolais ó pholaiteoir áitiúil.
- Lorg deiseanna fuinneamh in-athnuaite a úsáid ar scoil, agus faigh cabhair chuige sin ó lucht gnó áitiúil.
- Tosaigh feachtas ag iarraidh ar chaiféanna an cheantair, laghdú ar bhruscar agus cupáin in-athúsáidte a bheith acu.
- Bí ag obair le táirgeoirí áitiúla glasraí agus cuir feachtas 'Ceannaigh go hÁitiúil' chun cinn sna hollmhargaí.



Roinn an rath gníomhach a bhaineann sibh amach ar shuíomh idirlín na scoile, nó trí ríomhphoist a chur chuig tuismitheoirí agus cairde.



Glac grianghraif den ghníomhaíocht agus cuir isteach chuig Trócaire 'Domhan Níos Fearr' iad.



Is iad na contaetha is mó in Éirinn a sholáthraíonn fuinneamh gaoithe ná: Corcaigh, Ciarraí, Dún na nGall, Tiobraid Árann agus Loch Garman.

greenschoolsireland.org

Duais 'Domhan Níos Fearr'



Is duais í seo a thugann aithint don obair a dhéanann na mic léinn nuair a bhíonn an acmhainn oideachais seo á iniúchadh acu. Déan taifead d'aon obair a dhéanann sibh agus cuir chuig Trócaire ag deireadh an Charghais é. Bronnfar teastais agus boinn ar na daltaí ar fad. Cuir isteach an obair i bhfoirm ar bith (m.sh. póstaer, leabhar gearrthóg, PowerPoint, grianghraif, físeáin). Féach ar na sonraí ar an mbileog nó téigh chuig: trocaire.org/education/school-projects.

Comórtas Filíochta

Spreag na daltaí le filíocht a scríobh faoin méid a d'fhoghlaim siad maidir leis an gceartas aeráide. Cuir na dánta isteach ar chomórtas 'Trócaire/Éigse Éireann'. Téigh chuig: trocaire.org/poetry le sonraí iontrála a fháil.



Tiomsaigh airgead do Thrócaire



I rith an Charghais, déan na daltaí a spreagadh le hairgead a thiomsú ar mhaithe le Trócaire. Má bhíonn na daoine óga páirteach in imeachtaí taitneamhacha mar seo spreagtar iad, foghlaimíonn siad scileanna sóisialta, bíonn siad ag feidhmiú mar shaoránaigh beo gníomhach. Músclaítear feachtas athrú aeráide, agus cruinnítear an t-airgead atá riachtanach d'obair Thrócaire. Bíonn deis againn dá bharr a bheith ag obair sa domhan forbraíochta agus dul i ngleic le torthaí athrú aeráide. Tá iliomad bealaí le hairgead a chruinniú ar scoil: le bosca 'Trócaire', Am tae do Thrócaire, Rothaíocht Fhíorúil Thrócaire, Lá an Laoich, Tráth na gCeist Boird, nó Siúlóid Urraithe. Tá moltaí eile ag: trocaire.org/fundraise nó cuir ríomhphost chuig: schoolsfundraising@trocaire.org.

Breis Acmhainní

Logáil isteach ag: trocaire.org/education ag lorg breis eolais faoin athrú aeráide



Is é Trócaire gníomhaireacht fhorbartha thar lear Eaglais Chaitliceach na hÉireann

Bí i dTeagmháil Linn

Maigh Nuad

Maigh Nuad
Co. Chill Dara

Fón: 01 629 3333

R-phost chuig Mary Boyce ag: mary.boyce@trocaire.org

Lár na Cathrach BÁC

12 Sráid na hArdeaglaise
Baile Átha Cliath 1

Fón: 01 874 3875

R-phost: dublincentre@trocaire.org

Corcaigh

9 Sráid an Chócaigh
Corcaigh

Fón: 021 427 5622

R-phost: corkcentre@trocaire.org

Béal Feirste

50 Sráid an Rí
Béal Feirste BT1 6AD

Fón: 028 9080 8030

R-phost: infoni@trocaire.org

Poblacht na hÉireann

Údarás Rialála an Charthanais, Uimhir: 20009601

Uimhir Ioncaim: CHY 5883

Tuaisceart Éireann

Coimisiún Carthanais Thuaisceart Éireann: NIC103321

Uimhir Ioncaim: XR10431

Curtha ar fáil ag:

An Roinn Oideachais Forbartha, Trócaire 2017

Údar: Lydia McCarthy

Trócaire
Ag obair ar son na córa ar domhan.



Tagairt: E8